



THE RIGHT CLICK



**THE
RIGHT
CLICK**

CLÁR ÁBHAR

- 1 Réamhrá 4
- 2 Achoimre feidhmiúcháin 6
- 3 Leanaí, daoine óga agus an t-idirlíon: léargas ginearálta 7
 - 3.1 Fórsa dearfach ar domhan 7
 - 3.2 An chothromaíocht cheart a bhaint amach 7
 - 3.3 Saolta fíorúla agus fíorshaolta ag ailíniú 8
 - 3.4 Saol idirghníomhach agus tumtha 8
 - 3.5 An bhearna dhigiteach? 8
 - 3.6 Ról rialtas agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta 9
 - 3.7 Tá cur chuige ina bhfuil an iliomad páirtithe leasmhara páirteach riachtanach 9
- 4 Leochaileacht leanaí 10
 - 4.1 Ábhar 10
 - 4.2 Teagmháil 10
 - 4.3 Iompar 11
 - 4.4 Tráchtáil 11
 - 4.5 Andúil 11
 - 4.6 Sochaíoch 11
- 5 Príomh-mholtaí 12
 - 5.1 Tacaigh leis an dréachtbheartas do threoir nua 12
 - 5.2 Cinntigh ceart rannpháirtíochta gach linbh 12
 - 5.3 An gá beartas cuimsitheach a fhorbairt 13
 - 5.4 Spreag cinnireacht idirnáisiúnta 13
 - 5.5 Scaipeadh mí-úsáid leanaí agus íomhánna de mhí-úsáid leanaí ar líne a chomhrac 14
 - 5.6 Tacaigh le daoine gairmiúla agus le cláir cóireála 15
 - 5.7 Cruthaigh caighdeán nua fógraíochta, ríomhthráchtála, príobháideachais agus cosanta sonraí 16
 - 5.8 Téigh i dteagmháil le soláthraithe soghluaiste idirlín agus seirbhísí suímh 17
 - 5.9 Do bhealach a dhéanamh trí shaol idirghníomhach agus tumtha 17
 - 5.10 Déan suíomhanna líonraithe shóisialta níos sábháilte 18
 - 5.11 Bain bacainn dhlíthiúla 18
 - 5.12 Tacaigh le NGOanna i bpróisis cheaptha bheartas 18

RÉAMHRÁ 01

Is líonra domhanda é an t-idirlíon agus teastaíonn cur chuige trasnáisiúnta chun dul i ngleic leis na dúshlán a chruthaíonn sé do shábháilteacht leanaí. Tá ról fíorthábhachtach ag an Aontas Eorpach d’fhonn a chinntiú go dtarlaíonn sé seo.

Is líonra é Comhaontas NGOanna na hEorpa do Shábháilteacht Leanaí Ar Líne (‘European NGO Alliance for Child Safety Online’) nó eNACSO atá tiomanta don idirlíon agus do na teicneolaíochtaí lena mbaineann a dhéanamh níos sábháilte do leanaí agus do dhaoine óga. Is NGOanna ceannródaíocha ó bhallstáit an Aontais Eorpaigh (AE) a phléann le cearta an linbh agus le cosaint leanaí iad ár mbaill. Cuireann eNACSO gníomhartha chun cinn ag leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta agus tacaímid leo. Tá ár n-obair bunaithe ar an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh¹ de chuid na Náisiún Aontaithe a fógraíodh i 1989 agus ar a Phrótocal Roghnach i leith díol leanaí, striapachas leanaí agus pornagrafaíocht leanaí².

Déanann **the right click** cur síos ar mholtaí eNACSO don AE, tionscal, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus do pháirtithe leasmhara eile faoin gcaoi le timpeallacht níos sábháilte ar líne a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga.

Ba mhaith le eNACSO ár mbuíochas a chur in iúl do John Carr don am agus don tiomantas a léirigh sé agus an cháipéis seo á réiteach.

Dieter Carstensen
Cathaoirleach, eNACSO

Tá an tionscadal seo cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach, tríd an gclár Safer Internet plus ec.europa.eu/saferinternet

¹ www.unhcr.ch/html/menu3/b/k2crc.htm

² Úsáidtear an téarma “íomhánna de mhí-úsáid leanaí” sa cháipéis seo seachas “pornagrafaíocht leanaí” mar go dtugann sé léargas níos fearr ar nádúr an ábhair.

AN MÉID AR FÉIDIR LINN AR FAD A DHÉANAMH D'FHONN A CHINNTIÚ GO BHFUIL LEANAÍ SÁBHÁILTE AR LÍNE

Leanaí a chumasú chun bheith ina saoránaigh láidre agus ghníomhacha digiteacha.

An méadú i mí-úsáid leanaí agus in íomhánna de mhí-úsáid leanaí ar líne a chomhrac.

Suíomhanna líonraithe shóisialta a dhéanamh níos sábháilte do gach leanbh.

Leanaí a chosaint ó dhúshaothrú tráchtála ar líne agus ó shárú príobháideachais.

Tacú agus cabhrú le NGOanna a mhaoiniú chun páirt a ghlacadh i gcinntí beartais faoi shábháilteacht ar líne.

ACHOIMRE FEIDHMEACH 02

Tá cumas an idirlín ardán a chur ar fáil d'fhoghlaim, cruthaitheacht, nascacht agus do chluichí ina chuid lárnach dá luach agus den chaoi a meallann sé na milliúin leanbh agus duine óga ar fud na cruinne.

Caithfidimid cabhrú le leanaí agus le daoine óga mothú gur saoránaigh dhigiteacha iad a bhfuil freagrachtaí orthu; caithfidimid caitheamh leo mar rannpháirtithe gníomhacha, ní mar íospartaigh fhéideartha amháin; agus caithfidimid deis a thabhairt dóibh na huirlisí nua a chuireann na teicneolaíochtaí nua ar fáil a úsáid mar mheáin chun a ndearcthaí a chur in iúl agus a gcearta a éileamh.

Ach tá an t-idirlíon tar éis iarmhairtí nach bhfuil an-fháilte rompu a chruthú freisin. Féadfaidh cuid díobh seo leanaí agus daoine óga a chur i mbaol suntasach, mar shampla, tá cineálacha nua bulaíochta agus bealaí nua le leanaí agus le daoine óga a mhealladh chun críche gnéis éascaithe ag an idirlíon. Tá líon na n-íomhánna de mhí-úsáid leanaí i gcúrsaíocht méadaithe go mór. Tá milliún íomhá uathúil beagnach de mhí-úsáid leanaí ag Interpol, CEOP³ agus gníomhaireachtaí eile um fheidhmiú an dlí.

Tá dualgas sáraitheach ar bhallstáit an AE obair a chur ar fáil i gcomhar le dreamanna eile. Is cúram comhroinnte é.

Is céim mhór chun tosaigh don AE é an foilsiú le déanaí de Thogra do Threoir de chuid Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar mhí-úsáid ghnéasach, ar dhúshaothrú leanaí agus ar phornagrafaíocht leanaí a chomhrac. Ba chóir don togra an tacaíocht is mó is féidir a fháil fud fad an AE.

Ach féadfaimid ar fad níos mó a bhaint amach. Tá ról fíorthábhachtach ag leanaí agus ag daoine óga, tuismitheoirí, múinteoirí, gníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí agus ag cuideachtaí ardteicneolaíochta. Caithfidimid ar fad foghlaim ó thaithí a chéile eile má táimid le dul chun cinn maith a dhéanamh go leanúnach.

³ The UK's Child Exploitation and Online Protection (CEOP) Centre.

LEANAÍ, DAOINE ÓGA AGUS AN T-IDIRLÍON: LÉARGAS GINEARÁLTA 03

Teastaíonn an t-idirlíon⁴ sa lá atá inniu ann. Creideann eNACSO go láidir go bhfuil an-fhéidearthacht ag an idirlíon leanaí agus daoine óga a shaibhriú agus a chumasú ar go leor bealaí. Sin é an fáth a gcuireann eNACSO rochtain shábháilte agus chothroim ar thairbhí an idirlín chun cinn do gach leanbh agus duine óg i ngach áit.

Ciallaíonn an cur chuige seo go gcaithfidimid a aithint gur féidir le leanaí agus le daoine óga taithí a bheith acu ar an idirlíon agus ar theicneolaíochtaí digiteacha lena mbaineann atá anróiteach agus/nó aimhleasach.

3.1 Fórsa dearfach ar domhan

Nuair a labhraímid le leanaí agus le daoine óga faoin idirlíon agus faoi na teicneolaíochtaí nua tá sé ríthábhachtach a bheith dearfach agus súgach. Ba chóir go mbeadh sé d'aidhm againn leanaí agus daoine óga a chumasú, chun cabhrú leo tuiscint réadúil a bheith acu ar an mbaol a bhaineann leis an idirlín agus faoin mbealach le dul i ngleic leis.

3.2 An chothromaíocht cheart a bhaint amach

Caithfidh tuismitheoirí agus oideoirí a bheith ar an eolas faoin mbealach le cothromaíocht cheart a bhaint amach idir bheith réalaíoch faoin mbaol a bhaineann leis an idirlíon ach gan áibhéil a úsáid, mar go bhféadfadh sé sin leanaí agus daoine óga a spreagadh gan an teicneolaíocht a úsáid ar chor ar bith. Ba mhór an cailteanas é sin do leanaí agus do dhaoine óga mar dhaoine, agus don tsochaí ina hiomlán.

⁴ Tá go leor bealaí inar féidir rochtain a fháil ar an idirlíon, m.sh. ar ríomhaire glúine, deisce nó boise, ar fhón póca, ar chonsól cluichí, ar chúntóir digiteach pearsanta agus ar an teilifíseán. In áit an liosta seo a athrá arís agus arís eile sa cháipéis seo, tá na fearais seo ar fad ábhartha seachas má chuireann an téacs a mhalairt in iúl.

3.3 Saolta fíorúla agus fíorshaolta ag ailíniú

Agus leanaí agus daoine óga ag caitheamh tréimhsí níos suntasaí dá saol leis na teicneolaíochtaí nua agus tríothu, tá an cineál baoil ina mbíonn siad ar líne níos fite fuaite go dofhuascaillte le gnéithe níos forleithne dá n-iompar.

Ní féidir línte néata a tharraingt níos mó idir “saincheisteanna idirlín” agus fadhbanna “an fhíorshaoil”.

3.4 Saol idirghníomhach agus tumtha

Féadfaidh teicneolaíochtaí idirghníomhacha comhaimseartha, go háirithe i réimse na cluichíochta, a bheith thar a bheith tumtha, agus cuireann siad timpeallachtaí atá an-mhealltach ar fáil. Féadfaidh siad seo cabhrú le réimse leathan scileanna réitigh fadhbanna a fhorbairt, ach tá na cáilíochtaí seo tar éis réimse nua fadhbanna nó inní a chruthú freisin, go háirithe i ndáil leis an “andúil”. Féadfaidh sé seo a bheith ina bhacainn ar fhorbairt réimse scileanna idirphearsanta, nó ar fhorbairt saoil shláintiúil ina mbítear i mbun aclaíochta nó spóirt.

3.5 An bhearna dhigiteach?

Éilíonn an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh de chuid na Náisiún Aontaithe (Airteagal 12): “Cinnteoídh na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún go bhfuil sé de cheart ag an leanbh atá in ann a d(h)earccháí féin a chumadh na dearccháí sin a nochtadh go saor i ngach ábhar a bhaineann leis an leanbh, agus tabharfar meas do dhearccháí an linbh de réir aois agus aibíocht an linbh.” (*Aistriúchán ó Bhéarla ar théacs an Choinbhinsiúin.*)

Is féidir leis an idirlíon timpeallacht a chur ar fáil a shaibhríonn saol a úsáideoirí go mór, go háirithe d’úsáideoirí níos óige, ach d’fhéadfadh sé a bheith ag cur le forleathnú na mbearnaí atá ann cheana sa tsochaí nó fiú a bheith freagrach as bearnaí nua. Bearna í atá fréamhaithe ní amháin in acmhainn fhísiciúil a bheith ag leanbh, nó gan bheith ag leanbh, chun rochtain a fháil ar an idirlíon, ach a bhfuil tionchar ag tosca eile uirthi freisin.

Tá an fhéidearthacht ag an idirlíon cineálacha éagsúla leochaileachta leanaí agus daoine óga faoi leith a imshocrú nó a mhéadú fiú, a chuirfeadh leis an dochónach atá rompu ina bhfíorshaol.

Bhunaigh taighde⁵ an Ollaimh Sonia Livingstone ar ghníomhaíochtaí leanaí agus daoine óga ar líne go bhfuil an litearthacht sna meáin atá ag duine aonair agus a f(h)éinmhuinín in úsáid an idirlín thar a bheith tábhachtach nuair a chinntear an mbainfidh an duine sin tairbhe as an idirlíon agus an méid tairbhe a bhaineann sé/sí as. Dá bhrí sin, nuair atá beartais á bhforbairt chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach, tá sé ríthábhachtach ní amháin go dtagtar ar bhealaí chun infhaighteacht ar rochtain fhísiciúil a fheabhsú agus a fhorleathnú, ach go bhfeabhsaítear litearthacht sna meáin agus féinmhuinín na n-úsáideoirí aonair freisin.

Tá nuálaíochtaí leanúnacha agus sciobtha ina saintréithe ag an earnáil IT; caithfear na forbairtí seo a mheaitseáil le beartais éabhlóideacha a chuireann oiriúnú buan, éascú agus tacaíocht airgeadais do rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa saol ar líne chun cinn, agus an gá atá le bearta cearta agus comhréireacha sábháilteachta agus cosanta san áireamh.

⁵ Drawing conclusions from new media research: reflections and puzzles regarding children’s experience of the internet, LSE, 2006.

3.6 Ról rialtas agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta

Is cinnte go bhfuil an príomhdhualgas ar rialtais náisiúnta maidir le cosaint an uile linbh agus duine óig laistigh dá ndlínse. Ach is meán domhanda é an t-idirlíon. Leagann sé seo dualgas faoi leith ar institiúidí idirnáisiúnta gníomhaíocht a threorú agus a spreagadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá an tAontas Eorpach⁶ ina cheannródaí sa réimse seo. Tá an “Lá Sábháilteachta ar an Idirlíon”, a ndearna INSAFE comhordú air, á cheiliúradh go domhanda anois, a chuireann béim an-luachmhar ar fáil do ghníomhaíochtaí oideachais agus feasachta i ngach mórtheanga ar fud na cúig mhór-roinn. Agus le foilsiú an dréacht-Thogra ar Threoir de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i mí an Mhárta 2010 ar mhí-úsáid ghnéasach, ar dhúshaothrú gnéasach leanaí agus ar phornagrafaíocht leanaí a chomhrac, táimid ag feiceáil go bhfuil an tAontas Eorpach ag cur tús le rith reachtaíochta do chosaint leanaí ar bhonn trasnáisiúnta.

Tá an ITU⁷ i bhfeighil anois ar thionscnamh an-tábhachtach a bhaineann leis an domhan ar fad atá ag fás agus ag forbairt. Agus níos tábhachtaí fós seans, tá institiúidí idirnáisiúnta san áit is fearr le cabhrú le tíortha nach bhfuil ach ag tosú ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le sábháilteacht leanaí ar líne. Féadfaimid ar fad foghlaim ó thaithí daoine eile.

3.7 Tá cur chuige ina bhfuil an iliomad páirtithe leasmhara páirteach riachtanach

Níl monaplacht ag aon ghníomhaire ná leas, poiblí ná príobháideach, ná cuideachta ná eagraíocht eile ar fhios ná ar shaineolas i réimse na sábháilteachta ar líne. Is cúram comhroinnte é timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga ar an idirlíon.

Caithefear leanaí agus daoine óga a chumasú chun iad féin a choinneáil sábháilte ar líne. Caithefear cabhrú le tuismitheoirí, le caomhnóirí agus le múinteoirí le go dtuigfidh siad an chaoi a n-úsáideann leanaí agus daoine óga na teicneolaíochtaí nua le go bhféadfaidh siadsan ansin cabhrú lena chinntiú go mbaineann leanaí agus daoine óga an tairbhe is fearr is féidir astu agus go bhfuil siad in ann iad a úsáid go sábháilte.

Tá ról fíorthábhacht tacaíochta ag scoileanna anseo. Tá tábhachtach ag baint le NGOanna freisin, ach d’fhéadfadh cúnamh a bheith de dhíth orthu siúd chun a gcumas rannpháirtíochta a fhorbairt. Tá ríghá le comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí d’fhonn a chinntiú go bhforbraítear teachtaireachtaí cuí agus go ndéantar iad a chomhtháthú i mbearta forleathana oideachais agus feasachta.

Tá cumas uathúil ag tionscal cur leis seo in dhá bhealach. Ar dtús báire, trí chabhrú le páirtithe leasmhara acmhainní éifeachtacha oideachais agus feasachta a dhéanamh agus a chur chun cinn, chomh maith le hábhair a dhéanamh iad féin dá gcustaiméirí agus dá margaí féin. Ar an dara dul síos, trí réitigh níos fearr a fhorbairt agus a chur chun cinn a bheadh mar bhonn agus taca ag na teachtaireachtaí sábháilteachta, agus a threiseodh iad.

⁶ <http://tiny.cc/eusip19>

⁷ <http://tiny.cc/itucop>

LEOCHAILEACHT LEANAÍ 04

Mar eagraíochtaí a bhíonn ag obair ar son cearta leanaí agus cosaint leanaí, tá an prionsabal go bhfuil leanaí agus daoine óga níos leochailí ina chuid lárnach dár meon agus dá n-obair ar shábháilteacht idirlín. Tá sé ina chuid lárnach freisin de réimse iomlán na mbeartas agus na reachtaíochta um chosaint leanaí agus um leas leanaí atá ag an iliomad tíortha éagsúla i ngach cearn den domhan.

Tá saincheisteanna ag baint leis an idirlíon agus le leochaileacht leanaí agus daoine óga a bhfuil imní leanúnach fúthu. Is féidir achoimre a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

4.1 Ábhar

- 4.1.1 Cumas an idirlín ábhar atá dleathach ach nach bhfuil oiriúnach dá n-aois a chur i láthair leanaí agus daoine óga, m.sh. pornagrafaíocht do dhaoine fásta nó íomhánna atá thar a bheith foréigneach
- 4.1.2 Cumas an idirlín cineálacha éagsúla ábhair neamhdhleathaigh a chur i láthair leanaí agus daoine óga, m.sh. íomhánna de mhí-úsáid leanaí.

4.2 Teagmháil

- 4.2.1 Cumas an idirlín iompar bulaíochta agus/nó mealladh chun críche gnéis a dhéanann daoine fásta nó daoine óga eile a chur i láthair leanaí agus daoine óga.
- 4.2.2 Cumas an idirlín pobail aimhleasacha ar líne a chur i láthair leanaí agus daoine óga, ar nós suíomhanna a chuireann anoiricse, féinghortú, féinmharú, foréigean, fuath agus antoisceachas polaitiúil chun cinn.

4.3 Iompar

- 4.3.1 Cumas an idirlín idirghníomhaíocht bhaolach ghnéasach a éascú agus a chur chun cinn i measc leanaí agus daoine óga, lena n-áirítear iad a spreagadh chun pictiúir a ghlacadh díobh féin nó de dhaoine eile (“*sexting*”) agus iad a chur ar an idirlíon, gníomh atá díobhálach agus a d’fhéadfadh a bheith in aghaidh an dlí.
 - 4.3.2 Cumas an idirlín leanaí a éascú nó a spreagadh le faisnéis fúthu féin a chur san fhearann poiblí, nó pictiúir nó físeáin nó téacsanna a chur ar an idirlíon a chuirfeadh isteach ar a sábháilteacht phearsanta nó a chuirfeadh as dá rogha gairme amach anseo.
 - 4.3.3 Cumas an idirlín bulaíocht agus timpeallacht ina spreagtar leanaí agus daoine óga chun bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine eile a chur i láthair leanaí agus daoine óga.
-

4.4 Tráchtáil

- 4.4.1 Cumas an idirlín leanaí a éascú chun earraí agus seirbhísí nach bhfeileann dá n-aois a fháil nó a úsáid.
 - 4.4.2 Cumas an idirlín camscéim, goid aitheantais, calaois agus bagairtí eile geilleagracha a chur i láthair leanaí agus daoine óga.
 - 4.4.3 Cumas an idirlín sábháilteacht phearsanta linbh nó duine óig a chur i mbaol trí dhlíthe neamhleor, doiléire nó neamh-infheidhmithe um chosaint sonraí nó um phríobháideachtas.
-

4.5 Andúil

- 4.5.1 Cumas an idirlín rochtain ar chluichí a imrítear ar an idirlíon a éascú, nó timpeallachtaí malartacha a chruthú, a spreagann iompar dúghafa nó úsáid iomarcach a d’fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar a sláinte agus/nó ar a scileanna sóisialta.
-

4.6 Sochaíoch

- 4.6.1 Ag macraileibhéal féadfaidh bearna dhigiteach idir náisiúin nó idir réigiúin pátrúin reatha mhíbhuntáiste a threisiú nó a fhairsingiú freisin.

5.1 Tacaigh leis an dréacht-thogra do threoir nua

Is céim mhór chun tosaigh don AE é an Togra do Threoir de chuid Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar mhí-úsáid ghnéasach, ar dhúshaothrú leanaí agus ar phornagrafaíocht leanaí a chomhrac. Ba chóir don togra an tacaíocht is mó is féidir a fháil fud fad an AE.

5.2 Cinntigh ceart rannpháirtíochta gach linbh

- 5.2.1 Ba chóir do rialtais feachtais agus díospóireachtaí feasachta poiblí a spreagadh chun timpeallacht dhearfach chultúrtha a chur chun cinn do rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i ngach ábhar a bhaineann leo agus lena saol.
- 5.2.2 Ba chóir do rialtais freisin tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais i bhfad níos mó a chinntiú do phróisis rannpháirtíochta i dteicneolaíochtaí do dhaoine óga a bhfuil d'aidhm acu litearthacht sna meáin a mhéadú, an bhearna dhigiteach a laghdú, agus timpeallacht ICT níos sábháilte a chur ar fáil. Chun na críche sin, ba chóir d'úsáid meán nua agus bealaí nua rannpháirtíochta a bheith ina cuid lárnach d'oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil.
- 5.2.3 Tá sé tábhachtach feasacht méadaithe faoi Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe a spreagadh, agus modúil oiliúna a fhorbairt chun a fheidhm phraiticiúil a chur ar a shúile do dhaoine gairmiúla atá ag obair le leanaí agus le daoine óga, agus ar a son, lena n-áirítear baill foirne NGOanna, ionadaithe tionscail ICT, dlíodóirí, breithiúna, póilíní, oibrithe sóisialta, oibrithe pobail, síceolaithe, cúramóirí, múinteoirí i ngach leibhéal den chóras oideachais, dochtúirí, altraí agus oibrithe gairmiúla sláinte eile.

5.3 An gá beartas cuimsitheach a fhorbairt

- 5.3.1 Ba chóir do rialtais réimse cuimsitheach beartas a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht idirlín do leanaí agus do dhaoine óga. Agus a leithéid de bheartais á bhforbairt, beidh ríghá le saineolas agus fios na bpáirtithe leasmhara a úsáid. Ag leibhéal an AE, ba chóir straitéis um chearta an linbh a fhorbairt a léireoidh riachtanais agus cearta na leanaí agus na ndaoine óga i dtimpeallacht ar líne.
 - 5.3.2 Tá tábhacht faoi leith i ndéanamh cláir oideachais agus feasachta a aimsíonn leanaí agus daoine óga go díreach. Caithfidh gníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí bealaí oiriúnacha a fháil chun a dteachtairachtaí a chomhtháthú leis na cláir seo.
 - 5.3.3 Tá sé ríthábhachtach freisin teacht ar bhealaí le cabhrú le tuismitheoirí agus le múinteoirí na teicneolaíochtaí nua agus an chaoi a n-úsáideann leanaí agus daoine óga iad a thuiscint, le go mbeidh siadsan in ann cúnamh, comhairle nó tacaíocht a chur ar fáil.
 - 5.3.4 Tá ról faoi leith ag cuideachtaí ardteicneolaíochta i gcabhrú leis na páirtithe leasmhara ar fad acmhainní éifeachtacha oideachais a fhorbairt agus a chur chun cinn, chomh maith le hábhair a fhorbairt le húsáid lena gcustaiméirí agus lena margaí féin.
 - 5.3.5 Tá ról uathúil ag cuideachtaí ardteicneolaíochta freisin i leith réitigh theicneolaíochta a fhorbairt a chuirfidh le sábháilteacht leanaí ar líne.
-

5.4 Spreag cinnireacht idirnáisiúnta

- 5.4.1 Leagann nádúr domhanda an idirlín dualgas faoi leith ar institiúidí idirnáisiúnta gníomhaíocht a threorú agus a spreagadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá ról fíorthábhachtach ag tionscnaimh idir-rialtasacha agus ag tionscnaimh atá bunaithe go réigiúnach ar nós na dtionscnamh *Cosaint Leanaí Ar Líne* ('Child Online Protection') an ITU agus *Clár Idirlín Níos Sábháilte* ('Safer Internet Programme') an AE i gcur chun cinn an chláir oibre seo. Tá institiúidí idirnáisiúnta san áit is fearr seans le cabhrú le tíortha nach bhfuil ach ag tosú ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le sábháilteacht leanaí ar líne.

5.5 Scaipeadh mí-úsáid leanaí agus íomhánna de mhí-úsáid leanaí ar líne a chomhrac

- 5.5.1 B'fhéidir go gcaithfí dlíthe a achtaíodh roimh theacht an idirlín a athrú d'fhonn a chinntiú nach gcruthaíonn siad bacainní le cosaint cheart leanaí ar líne, .i. ba chóir do dhlíthe comhaimseartha a aithint gur féidir réimse coireanna gnéasacha i gcoinne leanaí agus daoine óga a dhéanamh i gciantimpeallachtaí ar nós an idirlín. Tá géarghá ann comhchuibhiú i bhfad níos mó a bhaint amach idir dlíthe agus gnásanna póilíní do bhailiú agus do chur i láthair fianaise faoi choireanna ar líne i gcoinne leanaí. Ba chóir don Choimisiún tograí a thabhairt chun cinn do chreat-treoir chun cabhrú leis seo a bhaint amach laistigh den AE.
- 5.5.2 Tá beolínte a fhaigheann tuairiscí faoi shuíomh íomhánna de mhí-úsáid leanaí ar an idirlíon riachtanach. Ba chóir go mbeadh beolíne ag gach tír a fhreastalaíonn ar riachtanais na ngrúpaí uile teangeolaíocha laistigh dá ndlínse. Ba chóir do gcomhlíonfadh an bheolíne caighdeáin chomhaontaithe INHOPE⁸.
- 5.5.3 Ba chóir do chomhlachtaí domhanda, idirnáisiúnta, agus idir-rialtasacha, do rialtais náisiúnta agus do ghrúpaí eile liosta aonair de sheoltaí mí-úsáid leanaí atá ar eolas a bhrostú (nó liosta atá chomh mór agus is féidir, ag tarraingt ar liostaí náisiúnta nach bhfuil faoi eire ag srianta áitiúla dlíthiúla) chun baint, imscrúdú nó bac níos éifeachtaí ar ábhar mí-úsáid leanaí a spreagadh. Agus an tslándáil chuí in úsáid dá himscaradh, ba chóir an liosta seo a chur ar fáil do sholáthraithe ábhartha seirbhíse ar líne, do chuideachtaí scagtha agus do dhreamanna eile a bhfuil leas ábhartha acu sa cheist.
- 5.5.4 Ba chóir do rialtais, do ghníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí agus don tionscal plé a thosú faoin gcaoi le húsáid bhogearraí idir chomhghleacaithe do dháileadh íomhánna de mhí-úsáid leanaí a chomhrac agus faoin gcaoi le teacht chun cinn cineálacha eile pobal nó grúpaí dúnta a bhfuil an fheidhm chéanna acu a chomhrac.
- 5.5.5 Ba chóir do thionscail ardteicneolaíochta bealaí a shainaitheint chun cosc a chur ar mhí-úsáid bhogearraí criptiúcháin agus teicneolaíochtaí eile chun malartú íomhánna de mhí-úsáid leanaí a éascú.

⁸ <https://www.inhope.org/>

- 5.5.6 Ba chóir do rialtais a chinntiú go bhfuil uirlisí teicneolaíochta agus acmhainní cuí ar fáil do ghníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí a bhfuil sé de dhualgas orthu dul i ngleic le híomhánna de mhí-úsáid leanaí. Ba chóir dóibh freisin forbairt aonad imscrúdaithe a bheadh bunaithe go hidirnáisiúnta a urrú, a mbeadh dualgas faoi leith air díriú ar na gréasáin choiriúla a bhfuil baint acu le céatadán ard den trádáil in íomhánna de mhí-úsáid leanaí.
- 5.5.7 Ag tarraingt ar an taighde teicniúil atá á mhaoiniú faoi láthair ag Clár Idirlín Níos Sábháilte an AE agus i mbealaí eile, ba chóir do rialtais níos mó acmhainní a chur ar fáil chun cabhrú le gníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí ráta níos airde a bhaint amach i mbrath, in aimsiú agus i dtarrtháil leanaí a fheictear in íomhánna de mhí-úsáid leanaí ar an idirlíon.
- 5.5.8 Ba chóir uirill a dhéanamh leis an gCorparáid Idirlín d’Ainmneacha agus d’Uimhreacha Santa (‘Internet Corporation for Assigned Names and Numbers’) (ICANN) ag féachaint d’fheabhsú suntasach a bhaint amach i bhfeidhmíocht rialaithe na gclárlann ainmneacha fearainn nach bhfuil in ann cosc a chur is cosúil ar fhoilsíúchán íomhánna de mhí-úsáid leanaí faoina gcoimirce. Ba chóir iarradh ar ICANN freisin gealltanais a ghlacadh nach ligfidh sé do chláranna náisiúnta ná do chláranna eile glacadh le clárú ná le cothabháil ainmneacha fearainn a fhógraíonn nó a chuireann infhaighteacht íomhánna de mhí-úsáid leanaí chun cinn ná iad a cheadú.

5.6 Tacaigh le daoine gairmiúla agus le cláir cóireála

- 5.6.1 Caithfidh na comhlachtaí atá freagrach as creidiúnú póilíní, oibrithe sláinte, oibrithe sóisialta, oibrithe óige, múinteoirí, foirne promhaidh agus foirne príosún a chinntiú go dtugtar aitheantas ceart laistigh dá gcáilíochtaí gairmiúla agus dá gcláir forbartha gairmiúla don tábhacht a bhaineann le bheith in ann léiriú mí-úsáide ar líne in íospartaigh a aithint, agus taithí a bheith acu ar an gcineál mí-úsáide a dhéanann na daoine atá i mbun na mí-úsáide.
- 5.6.2 Ba chóir do rialtais a chinntiú go bhforbraítear acmhainní cuí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais theiripeacha leanaí a ndearnadh mí-úsáid ghnéasach orthu, cásanna inar taispeánadh íomhánna den mhí-úsáid sin ar an idirlíon san áireamh.
- 5.6.3 Ba chóir go mbeadh cláir oiriúnacha measúnaithe agus cóireála ar fáil do leanaí a léiríonn iompar mí-oiriúnach nó ionsaitheach gnéasach ar líne.
- 5.6.4 Caithfidh na gníomhaireachtaí ábhartha a chinntiú go bhfuil dóthain fála ar na cláir cóireála, agus go nglacann dóthain ciontóirí idirlín páirt iontu.

5.7 Cruthaigh caighdeán nua fógraíochta, ríomhthráchtála, príobháideachais agus cosanta sonraí

- 5.7.1 Caithfear beartais agus caighdeán a fhorbairt a chosnaíonn leanaí agus daoine óga ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíocht tráchtála nach bhfeileann dá n-aois.
- 5.7.2 Ba chóir do choimisinéirí cosanta sonraí agus príobháideachais agus dá gcoibhéis comhairle agus treoir shoiléir a chur ar fáil ar chearta agus ar fhreagrachtaí faoi seach na bpáirtithe uile áit a bhfuil sonraí ar líne, nó idirbheartaíochtaí eile a bhaineann le leanaí agus le daoine óga, i gceist, nó áit a bhfuil seirbhísí á gcur ar fáil a mheallfaidh leanaí agus daoine óga. Ba chóir do na coimisinéirí go háirithe machnamh a dhéanamh ar aois íosta a bheadh sainithe go dlíthiúil a shocrú a dteastóidh cead indeimhnithe tuismitheora ó dhaoine atá níos óige ná sin i dtimpeallacht ar líne, nó ar iarradh ar údarás cuí í a shocrú.
- 5.7.3 Níor chóir fógraíocht a dhéanamh ar earraí ná ar sheirbhísí do dhaoine fásta ar shuíomhanna idirlín a úsáideann leanaí agus daoine óga den chuid is mó, ná ar shuíomhanna a mbíonn líon suntasach leanaí agus daoine óga orthu go rialta. Ba chóir sainmhíniú soiléir faoina bhfuil i gceist le suíomh idirlín do leanaí a shocrú agus ba chóir go gcomhlíonfadh an fhógraíocht ar fad ar a leithéid de shuíomh na caighdeán chomhionanna nó ábhartha fógraíochta a bhíonn in úsáid san fhíorshaol.
- 5.7.4 Níor chóir go mbeadh díoltóirí in ann dlíthe a bhaineann le díol earraí agus seirbhísí atá srianta de bharr aoise a sheachaint m.sh. alcól, tobac, pornagrafaíocht, cearrbhachas, airm, trí na hearraí nó na seirbhísí sin a chur ar fáil ar an idirlíon. Ba chóir rialacháin chuí a fhorbairt chun díol ar líne earraí agus seirbhísí atá srianta de bharr aoise a rialú.
- 5.7.5 Caithfidh rialaitheoirí monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt cineálacha íocaíochta ar líne atá anaithnid agus a d'fhéadfaí a úsáid dá bharr chun ceannach neamhdhleathach earraí agus seirbhísí atá srianta de bharr aoise a éascú, nó a d'fhéadfadh trádáil i nithe eile a éascú m.sh. íomhánna de mhí-úsáid leanaí.

5.8 Téigh i dteagmháil le soláthraithe idirlín móibíligh agus seirbhísí suímh

- 5.8.1 Tá dualgas faoi leith ar oibrítheoirí líonraí móibileacha i leith leanaí agus daoine óga. Ba chóir dóibh a chinntiú gur gníomhaíochtaí cuí ríomhthráchtála amháin atá ar fáil do dhaoine óga a bhaineann úsáid as a líonraí. Ba chóir go mbeadh seirbhísí do dhaoine fásta taobh thiar de bhac a léiríonn daoine fásta. Ba chóir seirbhísí bunaithe ar shuíomhanna a rangú mar sheirbhísí do dhaoine fásta.
 - 5.8.2 Ba chóir do dhéantúsóirí sásanna láimhe ról níos mó a ghlacadh sa phlé leanúnach faoi shábháilteacht leanaí ar an idirlíon, ag féachaint le gnéithe sábháilteachta a fhorbairt a bheadh ag obair de réir réamhshocraithe agus a bheadh comhtháite go díreach sna sásanna láimhe. Ba chóir dóibh machnamh a dhéanamh freisin ar ghairis a fhorbairt ina mbeadh tacar gnéithe i bhfad níos lú, agus a sheachnódh cuid den bhaol a bhíonn roimh leanaí agus roimh dhaoine óga a bhfuil baint aige is cosúil leis na gutháin is sofaisticiúla.
 - 5.8.3 Ba chóir do sholáthraithe Wi-Fi nó cineálacha eile cianrochtana ar an idirlíon aithris a dhéanamh ar na socruithe a dhéanann go leor de na hoibrítheoirí líonraí móibileacha chun infhaighteacht suíomhanna do dhaoine fásta a shrianadh.
 - 5.8.4 Tá dúshlán ag baint leis na cineálacha nua seirbhísí suímh agus teicneolaíochtaí rianaithe atá ag teacht chun solais sa mhargadh tomhaltóra ní amháin i réimse na sábháilteachta idirlín do leanaí agus do dhaoine óga, ach i ndáil le cearta sibhialta agus príobháideachais an uile shaoránaigh. Caithfear cosaintí láidre a fhorbairt chun a n-úsáid a rialú.
-

5.9 Do bhealach a dhéanamh trí shaol idirghníomhach agus tumtha

- 5.9.1 Caithfidh foilsitheoirí cluichí agus déantúsóirí crua-earraí cluichí comhoibriú le gnéithe eile den saol idirghníomhach agus ar líne chun feachtais a fhorbairt chun coincheap na saoránachta digití agus na bhfreagrachtaí digiteacha a chur chun cinn. Ba chóir tús áite a thabhairt d'fheachtais agus do ghníomhaíochtaí atá bunaithe ar thionscnaimh oideachais atá bunaithe ar phiaraí.
- 5.9.2 Caithfear tacaíocht do chóras na Faisnéise Cluichí Pan-Eorpaí (PEGI) agus córais ar líne PEGI a fhorbairt chun an líon is mó tíortha is féidir a chuimsiú. Caithfear níos mó a dhéanamh d'fhonn feachtas faoi chórais rátála cluichí a chur chun cinn i measc tuismitheoirí, agus leanaí agus daoine óga araon.

5.10 Déan suíomhanna líonraithe shóisialta níos sábháilte

Ba chóir go mbeadh caighdeáin shoiléire agus thrédhearcacha ag suíomhanna líonraithe shóisialta chun aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht leanaí ar líne, gnásanna atá éasca le húsáid chun mí-úsáid a thuirisciú don ghníomhaireacht chuí san áireamh.

- 5.10.1 Ba chóir go mbeadh na meicníochtaí ag suíomhanna líonraithe shóisialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar ar a suíomh, pictiúir agus físeáin go háirithe. Ba chóir dóibh a chinntiú freisin go ndéantar athbhreithniú ar an ábhar ar fad a thuiriscítear dóibh laistigh de thréimhse áirithe a shainítear go soiléir.
- 5.10.2 Ba chóir meicníochtaí neamhspleácha a fhorbairt chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar a mhéid agus a gcomhlíonann suíomhanna líonraithe shóisialta na caighdeáin chomhaontaithe.


5.11 Bain bacainní dhlíthiúla

- 5.11.1 Ba chóir iarrachtaí a dhéanamh dliteanas sibhialta agus choiriúla na soláthraithe seirbhísí ar líne a shoiléiriú i leith ábhar a ghineann úsáideoirí a óstáiltear ar a suíomhanna. Ba chóir do rialtais go háirithe leasú ar an Treoir Ríomhthrachtála a éileamh go láidir, agus forálacha comhchosúla “tearmainn” i ndlínsí eile, chun deireadh a chur le haon dídhreasú a bheadh ag cuideachtaí póilíniú a dhéanamh ar a suíomhanna féin ar eagla go dtarraingeofaí dliteanas orthu. Is é an prionsabal ar chóir a bheith ann go gcaithfí a léiriú go raibh eolas ag an gcuideachta óstála faoin ábhar neamhdhleathach agus nár ghlac sé aon ghníomh d’aon turas chun é a bhaint nó gur theip air gníomhú laistigh de thréimhse réasúnta, le go mbeadh aon dliteanas sibhialta nó coiriúil ann.

5.12 Tacaigh le NGOanna i bpróisis cheaptha bheartas

- 5.12.1 Braitheann an cur chuige do cheapadh beartas, ina bhfuil an iliomad páirtithe leasmhara páirteach, ar an toil agus ar an gcumas a bheith ag gach páirtí leasmhar páirt a ghlacadh ann. Go hiondúil, tá an toil ag go leor NGOanna ach go minic níl na hacmhainní acu a ligfeadh dóibh a bheith chomh rannpháirteach agus a d'fhéadfadh siad a bheith. Ba chóir teacht ar bhealaí le cabhrú le NGOanna a gcumas a fhorbairt chun páirt a ghlacadh go ciallmhar agus i mbealach dea-oilte agus prapúil i bpróisis cheaptha bheartas ina bhfuil an iliomad páirtithe leasmhara páirteach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- 5.12.2 Chun muinín an phobail i bhféinrialú mar mheicníocht do cheapadh beartas a chothabháil, teastaíonn fianaise dhiongbháilte d'fheabhsú i sábháilteacht leanaí ar líne.

ENACSO MEMBERS (APRIL 2010)



- 1 Belgium / France
- 2 Austria / Holland
- 3 Germany
- 4 Ireland
- 5 Hungary
- 6 Estonia
- 7 Poland
- 8 United Kingdom
- 9 Czech Republic
- 10 Spain
- 11 Denmark / Finland / Italy / Romania
- 12 Portugal

